II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2020/121 ÓN GCOMHAIRLE

an 28 Eanáir 2020

maidir leis an Meitheal um an Ríocht Aontaithe a bhunú, faoi chathaoirleacht Ardrúnaíocht na Comhairle, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/900

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2009/881/AE an 1 Nollaig 2009 ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, fuair an Chomhairle Eorpach fógra ón Ríocht Aontaithe go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach, rud ba shiocair le seoladh an phróisis faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Le Cinneadh (AE) 2017/900 ón gComhairle ([2]), bunaíodh an Mheitheal ad hoc um Airteagal 50 CAE, faoi chathaoirleacht Ardrúnaíocht na Comhairle, chun cúnamh a thabhairt don Choiste de Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát ("Coreper") agus don Chomhairle i ngach a mbaineann leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas.

(2) An 13 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí ina ndúradh go háirithe go bhfuil an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus Coreper, agus meitheal thiomnaithe ag cuidiú leo, a áirithiú, idir na cruinnithe den Chomhairle Eorpach, chun an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhréir leis na seasaimh agus na prionsabail fhoriomlána arna gcomhaontú ag an gComhairle Eorpach agus le sainordú caibidlíochta na Comhairle, agus go bhfuil said chun tuilleadh treorach a chur ar fáil, mar is gá, a bheadh comhchuí go hiomlán le lár leas an Aontais agus leis an aidhm atá ann teacht ar thoradh a bheidh cóir cothromasach do na Ballstáit uile agus a rachaidh chun leas na saoránach.

(3) An 24 Eanáir 2020, síníodh an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("An Comhaontú um Tharraingt Siar") ([3]). Leis an bpróiseas sin, réitítear an chonair chun an Comhaontú um Tharraingt Siar a thabhairt i gcrích go luath agus chun tús a chur leis an gcaibidlíocht faoin gcaidreamh sa todhchaí leis an Ríocht Aontaithe a thosú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Meitheal um an Ríocht Aontaithe ("Meitheal um an Ríocht Aontaithe"), a bhunú le teacht i gcomharbas ar an Meitheal ad hoc um Airteagal 50 CAE. I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 13 Nollaig 2019, déanfar an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe a ainmniú mar an coiste speisialta, faoi Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a mbeidh an chaibidlíocht faoin gcaidreamh sa todhchaí leis an Ríocht Aontaithe le seoladh i gcomhairle leis tráth a gcinnfidh an Chomhairle an chaibidlíocht a thosú leis an Ríocht Aontaithe faoin gcaidreamh leis an Aontas tar éis di tarraingt siar as an Aontas.

([1]) IO L 315, 2.12.2009, lch. 50.

([2]) Cinneadh (AE) 2017/900 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017, maidir leis an Meitheal *ad hoc* um Airteagal 50 CAE a bhunú, faoi chathaoirleacht Ardrúnaíocht na Comhairle, (IO L 138, 25.5.2017, lch. 138).

([3]) IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1.

(5) Ba cheart an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe a bheith faoi chathaoirleacht na huachtaránachta leathbhliantúla. Ba cheart an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe a bheith faoi chathaoirleacht Ardrúnaíocht na Comhairle, go heisceachtúil, go dtí an 31 Nollaig 2020.

(6) Ba cheart tús a chur le feidhmiú na Meithle um an Ríocht Aontaithe ar an gcéad lá tar éis an lae a scoirfidh na conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE. Ba cheart don Mheitheal um an Ríocht Aontaithe cúnamh a thabhairt do Coreper agus don Chomhairle i ngach a mbaineann leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe. Go háirithe, ba cheart don Mheitheal um an Ríocht Aontaithe cúnamh a thabhairt do Coreper agus don Chomhairle le linn na caibidlíochta maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí agus maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Ina theannta sin, ba cheart don Mheitheal cúnamh a thabhairt do Coreper agus don Chomhairle maidir le hábhair a bhaineann le hiarmhairtí eile na tarraingthe siar ag an Ríocht Aontaithe.

(7) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú ar na socruithe maidir le cathaoirleacht na Meithle um an Ríocht Aontaithe. Ba cheart an t-athbhreithniú sin a dhéanamh in am tráth chun nach gcuirfear isteach ar ullmhú rianúil na huachtarántacha inteachta agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2020.

(8) Ba cheart Cinneadh (AE) 2017/900 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe leis seo.

Airteagal 2

Tabharfaidh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe cúnamh do Coreper agus don Chomhairle i ngach a mbaineann leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2017/900.

Airteagal 4

Is faoi chathaoirleacht na huachtaránachta leathbhliantúla a bheidh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe.

Airteagal 5

De mhaolú ar na socruithe maidir leis na gcathaoirleacht a leagtar mach in Airteagal 4, is faoi chathaoirleacht Ardrúnaíocht na Comhairle a bheidh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe go dtí an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 6

Athbhreithneofar na socruithe maidir le cathaoirleacht na Meithle um an Ríocht Aontaithe atá in seo tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2020.

Airteagal 7

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an lae a scoirfidh na conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE.

Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ